CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Caidreamh ar áit - tábhacht na háite sa saothar Peig: A Saol Féin
Authors	NI Riain, Isobel
Publication date	2015
Original Citation	NI Riain, I 2015, 'Caidreamh ar áit - tábhacht na háite sa saothar Peig: A Saol Féin', Béascna, vol. 9, pp. 44-61.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.academia.edu/30923405/_Caidreamh_ar_%C3%81it_T%C3%A1bhacht_na_h%C3%81ite_sa_Saothar_Peig_A_Sc%C3%A9al_F%C3%A9in_B%C3%A9ascna_9_2015_44_61
Rights	© 2015, the Author.
Download date	2026-11-04 21:53:58
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/18543

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

In this article I explore the importance of place and place name in Peig Sayers' work *Peig: A Scéal Féin*. I make use of theories from geographers such as Edward Relph and Yi-Fu Tuan to explore Peig's relationship to space and place. Peig uses numerous examples of place names in this work, above and beyond the usual number of place name references in Gaeltacht literature. By reading her book from the point of view of place we gain an appreciation of Peig's distinctive perspective and also an awareness of the importance of place name scholarship in literary criticism.

Peig – caidreamh ar áit[i]

Isobel Ní Riain

Óige Pheig

San alt seo déanfaidh mé cur síos ar thábhacht na háite, *place* – sa chás seo: an baile (Baile Bhiocáire i nDún Chaoin), an Daingean (an áit inar chaith Peig Sayers ceithre bliana ag obair) agus an Blascaod Mór (an áit ar thóg sí a clann), i saothar Pheig Sayers: *Peig – A Scéal Féin*(P.feasta). Tá fúm an leabhar sin a phlé rud beag i solas teoiricí gur de bhunús na tíreolaíochta iad. Tugann na teoiricí seo léargas dúinn ar an difríocht is féidir a fheiscint idir áit mar *space* agus áit mar *place*. Is é is brí le *space*, spás, ná áit fhisiciúil. Is é is brí le *place* ná áit daonnaithe, is é sin an chuid sin den áit go bhfuil daoine tar éis dul i bhfeidhm air. Seo a leanas an rud a bheidh i gceist le 'áit' san alt seo:

> Places are fusions of human and natural order and are the significant centres of our immediate experiences of the world. They are defined less by unique locations, landscape, and communities than by the focusing of experiences and intentions onto particular settings. Places are not abstractions or concepts, but are directly experienced phenomena of the lived-world and hence full with meanings, with real objects, and with ongoing activities. (Relph 1986: 141)

Baineann *home* le *place* toisc gur áit daonnaithe amach is amach an baile dúchais. Is rud é an logainm a bhronann an duine ar áit. Baineann logainmneacha go dlúth le *place* mar sin. Is minic go gcuirtear áit in iúl trí logainm a lua leis ach ní hionann áit agus logainm – lipéad a cheapann an duine chun an áit sin a chur in iúl is ea logainm. Tráchtann Peig ar go leor logainmneacha sa saothar aici. Is dlúthchuid den slí ina bhféachann sí ar a timpeallacht na logainmneacha a thabhairt faoi deara. Má chuimhnímid ar an saothar *An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain, ní fhaightear an oiread sin logainmneacha ann in aon chor agus a fhaightear i saothar Pheig. Gan amhras tá saothar ag an gCriomhthanach atá dírithe ar fad ar logainmneacha, *Dinnsheanchas na mBlascaodaí* (1935). Tá nasc níos mó le feiscint idir mothú áite agus logainm agus an gnátheispéireas laethúil i saothar Pheig ná mar atá in *An tOileánach* ná in *Allagar na hInise*. Bíonn an baile – *home* – sa phríomh áit ag Peig faoi mar a bhíonn ag Tomás. I saothar Pheig, áfach, tugtar faoi deara a thábhachtaí is a bhíonn na mothúcháin a thagann i gceist agus í in áiteanna éagsúla. Míneofar an pointe seo thíos.

Is ionann áit a lua sa leabhar seo agus suíomh a chruthú. Ar an gcéad leathanach den saothar deir Peig linn gur rugadh í féin i nDún Chaoin:

> Sé an áit gur saolaíodh mise ná i mbaile beag iargúlta ag bun Sliabh an Fhiolair i nDún Chaoin, sa bhaile sin go bhfuil Tigh Mhóire ann. Ní hansan a phós m'athair is mo mháthair ach i bParóiste Fionntrá mar a mhaireadar tamall sarar aistríodar go Dún Chaoin. (P., 1)

Tá gnéithe áirithe den dúlra, an abhainn agus an sliabh, tábhachtach chun an baile a dhealú ón dúiche máguaird. Scarann an abhainn an domhan go léir in aigne an chailín óig. Is ionann Baile Bhiocáire (an baile fearainn inar saolaíodh Peig) agus an áit go bhfuil Sliabh an Fhiolair laistiar dó agus an abhainn ag rith tríd.

> Ní raibh ar an dtaobh thoir den abhainn ach ár dtighne is tigh Mhuiris Uí Scanláin. Do bhí cheithre tithe beaga cinn tuí ar an dtaobh thiar den abhainn, tigh Sheáin Bháin, tigh Eoghain Brún, tigh Shéamais Uí Bheoláin, is tigh Sheáin Uí Chrithin. Bhí cuideachta mhaith ins gach tigh acu, is scata páistí ag éirí suas iontu. B'iad san na páistí crosta! (P., 2)

Ní hionann comharthaí fisiciúla den tírdhreach agus logainmneacha. Tá tábhacht dá gcuid féin ag na comharthaí fisiciúla seo, an abhainn agus an sliabh, sa chuntas ag Peig. Baineann siad go dlúth le coincheap na háite, áfach. Dealaíonn siad áit amháin ó áit eile.

An áit darb as don duine agus ní ainm agus sloinne an duine is mó is suim le daoine nuair a bhuaileann siad lena chéile ar dtús. Nuair a théann Peig ar scoil don chéad uair tosnaíonn cailín ag caint léi agus is í an chéad cheist as a béal ná: 'Cad as tusa?' Ina dhiaidh sin a fhiafraíonn sí de Pheig cad é an t-ainm atá uirthi. Ar shlí is tábhachtaí a áit dúchais ná ainm an duine mar bhonn aithne. Níos faide anonn sa scéal faighimid amach go bhfuil deartháireacha agus deirfiúr Pheig chun pósadh. Insítear dúinn cad as do na daoine ar a bpóstar iad. Duine 'ar an mbaile' a phós Pádraig ('iníon do Sheán Bán') agus 'cailín ó Pharóiste Fionntrá, cailín gurbh ainm di Cáit Ní Bheoláin' a phós Seán. Fear 'do mhuintir Chinnéide i bParóiste Fionntrá' a phós a deirfiúr Máire (P., 12). Baineann an áit darb as iad le dúchas na ndaoine seo go léir. Ní féidir duine a thabhairt isteach sa chuntas gan a rá cárb as dó/di.

Sampla eile den nós seo is ea an tslí ina luann Peig baile dúchais an té a tháinig i gcabhair ar an máistir scoile an lá a thit sé agus é ag dul isteach sa scoil, fear 'ó Bhaile an Ghleanna" atá ann (P., 14). Tá tábhacht ag baint le baile dúchais stróinséirí chomh maith, is é sin daoine nach de bhunús pharóiste Dhún Chaoin iad. Is as Oileán Ciarraí don mhúinteoir a thagann chucu nuair a bhíonn a múinteoir féin imithe go Baile Átha Cliath chun céim léinn a bhaint amach (P., 16). Is é Tomás Máirtín ós 'na Gorta Dubha' a bhí ina chaptaen ar an Land League (P., 17). Is mó sampla atá sa leabhar den saghas seo ceangail a bheith á dhéanamh idir duine agus a áit dúchais.

Ag dul in aimsir

Ar fhágaint na scoile di agus í isteach is amach le ceithre bliana déag d'aois, rinne sí a slí in éineacht lena hathair go dtí an Daingean. Ba thuras brónach di é ach mar sin féin bhí sí ag tabhairt na n-áiteanna nua faoi deara agus bhí sí ag déanamh iontais díbh. I dtosach an aistir bíonn aithne aici ar na háiteanna go dtéann siad tríothu ach de réir a chéile sroicheann siad áiteanna nach bhfuil feicthe aici riamh roimis sin.

> Do bhuaileamair an cóngar thar cnoc soir is an Clasach síos, an bóthar san nár ghaibheas-sa riamh roimis sin ann ach lá na ráiseanna. Nuair a chuas chomh fada le Ceann Trá taibhsíodh dom go raibh gach ní agus gach áit chomh hait, chomh greannmhar san. Bhí a lán ceisteanna agam dá gcur ar m'athair i rith na slí. Ach fé dheireadh do shroicheamar an Daingean. (P., 52)

Buaileann eagla agus sceon Peig ar shroichint an Daingin di. Is féidir an doicheall seo a fheiscint i dtéarmaí an *topophobia* (Cosgrove, in Gold 1980, 119). Deir Cosgrove:

> Landscape may also present images of a less pleasing nature – pain, suffering, fear, or desolation. These *topophobic* images might be less articulated or powerful than topophilia, but show consistency over time. Mountain, forest, and desert have only recently become landscapes of attraction, loved today for the solitude which provides a counterpoint to the pressures of the modern human landscape. (Cosgrove, in Gold 1980, 118)

Tá eagla le brath i leabhar Pheig roimh an Daingean, áit atá stróinséartha agus difriúil ó bhonn leis an mbaile atá fágtha ag Peig:

> Ach mo mhíle mairg, sin é an áit gur tháinig an t-ionadh ormsa. Tithe móra arda ar gach taobh díom, daoine ag imeacht tharana chéile sall is anall is gan aon tuiscint agamsa ar a gcaint. Bhí an dá shúil ag dul amach as mo cheann le scanradh. 'A Dhia na bhFeart,' arsa mise, i m'aigne féin, 'ní mairfeadsa aon lá amháin anso!' (P., 52)

Dar le Denis Cosgrove samhlaíonn an duine siombalachas leis an tírdhreach. Is féidir mothúcháin dearfacha nó diúltacha a bheith i gceist leis na mothúcháin a spreagann an siombalachas seo. 'Human beings invest the landscapes they experience with symbolic value. Such symbols yield pleasure, pain, melancholy or nostalgia.' (Cosgrove, in Gold 1980, 117). Ina alt, 'Peig agus an Dúlra' áitíonn Pádraig Ó Fiannachta go mbaineann an 'sympathetic fallacy' (1999, 123) leis an réimse mothúchán a bhíonn le feiscint agus Peig ag cur síos ar an timpeallacht. Is é sin le rá, pé mothú a bhraitheann an duine, dar leis tá an mothú céanna le léamh ar chlár na timpeallachta féin. Léiríonn an teoiric sin tábhacht an duine agus tábhacht na suibíochtúlachta agus mothú áite á phlé. Bíonn eagla ar Pheig ar fheiscint an Daingin di; bíonn lúcháir uirthi nuair a fheiceann sí Dún Chaoin arís i ndiaidh di ceithre bliana a chaitheamh in aimsir ann. Samhlaíonn sí an domhan mór leis an áit seo. Bíodh go luann Cosgrove *topophobia* leis an dtuath, is léir go mbraitheann Peig ar a suaimhneas faoin tuath agus gur sa bhaile mór, an Daingean, a mhothaíonn sise an doicheall go nglaonn Cosgrove *topophobia* air.

Samhlaíonn sí an baile dúchais agus saol a hóige le Dún Chaoin. Tá an turas de shiúl na gcos tábhachtach ann féin. Léiríonn Máirtín Ó Cadhain tábhacht na n-áiteanna, na logainmneacha agus an tírdhreacha chun meon duine a chur in iúl sa scéal *An Bóthar go dtí an Ghealchathair*. Freagraíonn intinn na mná sa scéal sin don tírdhreach amach roimpi. Múslaíonn gach baile beag smaointe nua ina hintinn. Pléann sí a cuid fadhbanna go léir léi féin agus í ag siúl roimpi go bun bóthair agus go deireadh bealaigh – an Ghealchathair. Bíonn an té a bhíonn ag siúl ag machnamh. Cuimhnítear ar Rousseau agus *Les Rêveries du Promeneur Solitaire* a scríobhadh san 18ú haois na nochtar meon an údair i gcaibidlí dar teideal: 'Promiere Promenade', 'Deuxième Promenade' agus mar sin de. Is féidir an machnamh féin a thuiscint i dtéarmaí na siúlóide toisc go samhlaítear an ghluaiseacht ó áit go háit leis an ngluaiseacht ó smaoineamh amháin go smaoineamh eile.

Cé nach áit mhór é an Daingean, fós i gcomparáid le Baile Bhiocáire bhí sé an-mhór. Is mó duine a tháinig isteach i siopa mhuintir Chorráin nach raibh aithne ag Peig air. Is mó eachtra stróinséartha a thit amach le linn di a bheith ag obair ann. Ba gheall le radharc amach ar dhomhan mór an radharc ón fhuinneog. Bhíodh trioblóidí de shaghas éigin go minic ann agus rudaí dainséaracha ag titim amach. Bhíodh nuacht ó gach treo á bailiú san áit ó dhaoine a bhuail isteach chucu i ndiaidh teacht dóibh ó áiteanna eile. Bhí eispéireas nua ag Peig sa Daingean. Chuir sí eolas ar an saol mór ann. Ar shlí faighimid eolas ar an rud is 'baile' ann nuair a fhágaimid é. Dar le Yi-Fu Tuan: 'Attachment to place would not have found expression but for the fact of exile: home becomes vividly real only when juxtaposed against its contraries – foreign country and journey (Tuan 1976, 30).'

Is minic i saol Pheig go nascann sí gach aon eachtra leis an áit inar tharla sí agus leis na háiteanna darbh as na daoine a bhí páirteach inti. Nuair a thagann meisceoir fir isteach sa siopa ag lorg dí insíonn Peig dúinn go bhfuair an fear bás sa deireadh 'i mbarra Shráid Eoin' (P., 57). San amhrán a chum an file, Seán Ó Duinnshléibhe, go dtagraíonn Peig dó, feicimid an nós seo arís, úsáideann an file na logainmneacha chun an t-amhrán a shuíomh:

> Captaen na luaithe ó Bhaile an Ghóilín
> Chuir dís des na pílears le tréada,
> D'ordaigh sé dhóibh an gnó a dhéanamh cruinn
> Is na ba a chur go Duimhche an Fheirtéaraigh. (P., 58)

Luaitear bean sa chuntas céanna ar a dtugtar 'Brídín Shráid Eoin' (P., 85). Brídín Ní Chinnéide is ainm di le ceart. Duine ab ea í a thug tréimhse sa phríosún seachas sceith ar na daoine a bhí tar éis capall na bpeelers a ghoid. Duine ón áit í rud is léir ón ainm a baisteadh uirthi. Is cuid den áit í. Áit eile a bhaineann leis an eachtra seo is ea an Droichead Beag. Is ann a bhí an tine chnámh ar lasadh ag muintir na háite ag fáiltiú roimh Bhrídín (P., 86). I gcás Bhrídín, tá an bhean féin á ceangailt le comharthaí fisiciúla – an droichead agus an tsráid – tá sí á suíomh in áit ar leith sa Daingean. Is duine de chuid an phobail seo í. Tá sí ag baile sa Daingean. Tá an bhean seo á glacadh chuige féin ag an bpobal agus an dearcadh seo á chur in iúl san ainm a bhrontar uirthi.

Ón méid atá ráite go dtí seo is léir go bhfuil suim ag Peig sna logainmneacha. Má chuirtear cuntas Pheig i gcomparáid le *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin* nó leis *An tOileánach* féin, feicfear go bhfuil i bhfad níos mó béime i leabhar Pheig ar logainmneacha ná mar atá sna saothair sin cé go bhfuil tagairtí ag Eibhlín Ní Shúilleabháin agus Tomás Ó Criomhthain do logainmneacha. Tá go leor logainmneacha luaite sa leabhar *Allagar na hInise* ag an gCriomhthanach ach fós braithim go bhfuil tosach ag Peig air maidir le minicíocht na logainmneacha aici féin.

Is léir go dtagann athrú mór ar an tslí ina mbraitheann Peig mar gheall ar an Daingean le himeacht aimsire. In ionad an sceoin a bhí uirthi an chéad lá a chuaigh sí in aimsir, bíonn mothú dearfach le brath i dtaobh an bhaile mhóir níos faide anonn sa leabhar. Sa sliocht seo thíos tá Peig ag féachaint amach ar an tsráid go moch maidin amháin, ag tabhairt gach ní faoi deara. Is léir go dtaitníonn an áit léi faoin am seo:

> Ní raibh le feiscint agam san am san ach sráid mhór fhada ó Shráid Eoin go dtí an Holy Stone. Do bhí an ghrian ag taitneamh ar na fuinneoga is ba dhóigh leat gur lasair thine a bhí aici dá bhaint as pánaí na bhfuinneog. Ní raibh mórán ar an sráid fós. Ní raibh fothram ná geoin ann, ach amháin anois agus arís go ngaibheadh fear nó beirt fhear agus scata beithíoch acu dá thiomáint go dtí an t-aonach. (P., 87)

Is ait linn go bhfuil áilleacht anois á samhlú ag Peig leis an Daingean. Tá an *topophobia* a bhraith sí i leith an Daingin imithe anois agus tá *topophilia* tagtha ina áit. San áit go raibh doicheall anois tá suaimhneas. Tá Peig ag baile san áit. Samhlaítear gníomhaí go minic le háit ar bith go bhfuil ainm ag baint leis. Is minic a bhíonn imeachtaí ar siúl ag an nDroichead Beag, mar shampla an lá go bhfaca sí Baby Gray don gcéad uair (P., 90-91). Eachtra eile a tharla agus Peig agus Seáinín ag tabhairt na mba go Cill Fhiontain, téann siad suas Sráid na nGabhar agus tugann ceann de na beithígh léim thar an gclaí. Sábhálann fir a thagann 'aníos Ard Bhaile an Mhuilinn' an bhó (P., 92).

Ag filleadh ar an mbaile

Ach sa deireadh bíonn ar Pheig filleadh ar an mbaile toisc go bhfuil rud ar a sláinte. Marcálann na logainmneacha an bealach ón Daingean ar ais go Dún Chaoin. Nuair a thagann siad chomh fada le Carraig an Phréacháin faigheann Peig radharc ar Dhún Chaoin (P., 95) agus ag Barra Liath deir Peig lena hathair:

> 'Is fíor san…ná fuil áit ar bith is fearr ná an baile!'
> 'Is fíor san, a dhaltha,' ar seisean. 'Níl aon áit go n-oiltear duine ná gurb ann is fearr leis a bheith.' (P., 96)

Féachann Peig ar Bhaile Bhiocáire trí shúile an duine a chaith tamall as baile. Tá áilleacht agus maorgacht ag baint leis an sliabh laistiar den bhaile, dar léi:

> Uaim sall bhí beann ard gualann Sliabh an Fhiolair, ansúd go breá taitneamhach, cuma uasal air, is gaoth ghlan chumhra na mara ag cíoradh a dhlaoi órga. Bhíos ag éisteacht le ceol na habhann agus ag féachaint ar an bhfathach mór so a bhí os mo choinne sall agus is ar mo chroí a bhí an t-aoibhneas, mar is suarach an radharc dá short do chonacsa le cheithre bliana roimis sin. (P., 97)

D'fhéadfadh an cur síos seo ar an tíreolaíocht a bheith cruinn nó a mhalairt ach is léir gur mar seo a fheictear an tírdhreach do Pheig. Tá an méid a deir Cosgrove faoi shléibhte suimiúil. Is léir nach samhlaítí áilleacht leo i gcónaí. Caithfear a chur san áireamh go mbaineann an sliabh atá luaite sa sliocht thuas leis an mbaile dúchais ag Peig. Deir Cosgrove:

> The travellers' descriptions of Alpine regions as the hideous haunts of demons were almost conventional clichés before the sudden reappraisal of such areas by nineteenth-century romantics. (Cosgrove, in Gold 1980, 118-19)

Déanann Ó Fiannachta tagairt don áilleacht a chuirtear os ár gcomhair i saothar Pheig. Is léir go raibh suim ag Peig san áilleacht áitiúil. De ghnáth ní mór le daoine an áilleacht atá timpeall orthu agus iad ag éirí suas fiú má bhíonn cónaí orthu in áit fíorálainn. Ní mar sin atá i gcás Pheig, áfach. Anuas air sin, tá Peig ag féachaint ar an tírdhreach le súile úra an duine a chaith tréimhse ag obair i bhfad ó bhaile. Agus fiú amháin agus í ag maireachtaint ar an Oileán agus radharc aici ar Dhún Chaoin go laethúil, is suim léi a baile dúchais i gcónaí.

Tá tábhacht ar leith leis an bparóiste mar aonad sa saothar seo. Nuair a bhíonn ceant ar siúl agus talamh Mhuiris le díol 'ní raibh éinne thar paróiste ag cur isteach air' (P.,110). Nuair a bhíonn teaghlach Mhuiris (Cáit Jim san áireamh) ag dul ar imirce caithfidh 'gach duine beag agus mór de mhuintir an pharóiste ar fad do dhul ag tionlacan an té a bheadh ag imeacht go dtí Meiriceá' (P., 111). Tá an t-aistear a dhéanann na daoine briste suas ag

logainmneacha éagsúla faoi mar a tharlaíonn go minic sa leabhar agus daoine ag dul ar aistear fada:

> San am go rabhamar Bóthar an Tobair suas ba dhóigh le duine gur sochraid a bhí ann. Nós é sin a bhí ag muintir Dhún Chaoin san am san – pé duine a bheadh ag dul go dtí Meiriceá, do théidís á thionlacan go dtí an Leacht. Bhogamair linn an bóthar, cuid againn brónach agus cuid againn suáilceach, nó gur shroicheamair Mullach an Chlasaigh. Ansan a bhí an cibeal acu! …An chuid acu ná raibh ag dul 'on Daingean, d'fhágadar slán ag an muintir a bhí ag imeacht is thugadar a ndrom le chéile. Thug dream acu a n-aghaidh ar an dtigh agus dream eile a n-aghaidh ar bhóthar an Daingin. (P., 112)

Pobal dlúth is ea an pobal beag traidisiúnta, pobal go nglaonn na socheolaithe an *Gemeinschaft*[ii] air. An paróiste, seachas an baile fearainn, atá i gceist sa sliocht thuas. Is léir ó chuntas Pheig gur pobal ar leith ab ea an paróiste a thagadh le chéile ar ócáidí tábhachtacha, mar shampla, nuair a bhíodh daoine ag dul ar imirce. In áit eile sa leabhar nuair a éiríonn le Peig déileáil le ceann de na beithígh a d'éalaigh as tigh na mba tar éis do Pheig botún mór a dhéanamh, deir sí: 'Ar m'fhocal nárbh fhearr liom an paróiste do bhronnadh orm san am san!' (P., 117) Is nath é seo a thugann le tuiscint nach bhfuil rud ar bith níos tábhachtaí ná an paróiste.

In aimsir arís

Is ait an rud é mar sin nach n-insíonn Peig aon ní dúinn faoin áit ina raibh sí in aimsir don dara huair.[iii] An é go raibh sí á cheilt toisc go raibh rudaí diúltacha le rá aici faoin lucht tí san áit sin? I gcomhthéacs an mhéid atá pléite anseo againn is tigh dí-áitithe é.

Bíodh nach luann Peig ainm an bhaile fearainn ina bhfuil sí ag obair fós féin braitheann sí ag baile sa dúiche máguaird rud a thaispeánann sí sa sliocht seo a leanas:

> Bhí radharc álainn agam le feiscint ó Mhám Bhaile na nÁth go Cuas an Bhodaigh agus as san ó thuaidh go dtí Loch Chill Chuáin, mar ar chuir an naomh beannaithe an clogad ar cheann na péiste. As san arís móirthimpeall go dtí Baile an Ghóilín, mar ar chaith Pléasc cheithre bliana déag dá shaol ag déanamh cleas agus cros, agus as san amach arís go dtí Pointe na Reanna Bige mar ar shnáimh Muiris Ó Sé treasna nuair a bhí sé ag teitheadh ón lucht airm; agus sin é in aice na Reanna, Poll an Daimh, mar a dtagadh go leor loingis chun cuain. Bhí radharc álainn agam treasna na Bá chomh fada le hUíbh Ráthach. Do bhí an fharraige go maordha agus taitneamh na gréine ag tabhairt dath an óir ar an uisce. (P., 124)

Féach go bhfuil scéal beag ceangailte le cuid mhór de na logainmneacha thuas. Tá dinnseanchas ceangailte leis na logainmneacha. Coinníonn na logainmneacha an seanchas sin buan. Caomhnaíonn na hainmneacha scéalta faoi naoimh mar shampla Loch Chill Chuáin thuas. Ní gá go mbeadh an cuntas seo ag Peig cruinn ó thaobh na tíreolaíochta de mar is í an tsamhlaíocht is tábhachtaí i gcás mhothú áite.

Bíonn an logainm tábhachtach, leis, nuair a bhíonn rud mór sceirdiúil i gceist. Nuair a bhíonn a deartháir, Pádraig, ag titim i bhfanntais ar an tslí thar n-ais go Dún Chaoin tar éis bás a mhná céile, is ag Leacht an Chlasaigh a thiteann sé ar an talamh gan aithne gan urlabhra. Dar le Peig 'sin é an paiste is uaigní dá bhfuil le fáil' (P., 127). Cuirtear uaigneas an fhir in iúl i dtéarmaí uaigneas na háite féin. Is fuirist a aithint go bhfuil Peig cleachtaithe go

maith ar an dúlra agus ar an dtimpeallacht thart timpeall uirthi fiú amháin sa dorchadas. Aithníonn sí gur ag an dTobar a chasann siad ar roinnt de na buachaillí an oíche sin (P., 128). Téann siad go Baile an Ghleanna ar dtús an áit darbh as an bhean mharbh. As sin téann Peig go Baile Bhiocáire chun a máthair a fheiscint agus go moch an mhaidin dar gcionn téann sí thar n-ais go Baile an Ghleanna. Cabhraíonn na logainmneacha chun gluaiseacht Pheig a chur in iúl. Tugann Peig aghaidh ansin ar thigh a máistir. Téann sí an bóthar "soir" – sin an t-aon nod a thugann sí faoi shuíomh na háite seo (P., 128).

Cleamhnas, pósadh agus imeacht go dtí an tOileán

Nuair a chloiseann Peig óna deartháir Seán go bhfuil cleamhnas déanta di, cuireann sí an cheist: 'Cé hé an fear?' Ach is é an freagra a fhaigheann sí óna deartháir ná: 'Fear ón Oileán' (P., 130). Ní luann sé ainm an fhir ach deir sé léi cárb as dó. Arís tá duine á shuíomh laistigh den áit dar de é. Faighimid amach ina dhiaidh sin gurb é Pádraig Ó Guithín ainm an duine sin. Fiú nuair a chuireann a hathair ceist uirthi an bhfuil sí sásta glacadh le Pádraig, is é an áit agus ní hé an duine a luaitear sa cheist: 'An raghaidh tú 'on Oileán?'

Ar fhágaint na míntíre do Pheig téann sí féin agus beirt bhan eile síos go dtí Barra na hAille (P., 132) agus as sin isteach go dtí an tOileán i naomhóg. Ar shroichint an Oileáin bíonn gliondar uirthi nuair a fheiceann sí an slua atá bailithe chun fáilte a chur roimpi. Cuireann sí ceist uirthi féin: 'N'fheadar,' a deirinn liom féin, 'an dtiocfaidh an lá go deo go ligfead mo chroí leo, nó an ndéanfaidh mé chomh dánúil ina measc is dhéanfainn i measc muintir Bhaile Bhiocáire?..' (P., 132)

Tá Peig chomh dírithe ar logainmneacha a lua agus í ag trácht ar an Oileán agus a bhí sí agus í ag trácht ar Dhún Chaoin. Marcálann na hainmneacha pointí áirithe sa tírdhreach. Bíonn ainmneacha ar pháirceanna; go minic ainmnítear iad as na daoine ar leo iad.[iv] Nuair a bhíonn duine ag gluaiseacht timpeall na háite bíonn gá le logainmneacha chun a mhíniú cá bhfuil sé ag am faoi leith. Mar sin nuair a bhíonn na bairillí pórtair á dtabhairt go dtí an tigh deir Peig linn: ' Nuair a bhíodar imithe síos cúinne garraí Eoin, d'éirigh Máire Ní Shúilleabháin ón stól agus chuaigh síos 'on tseomra.' (P., 134) Arís nuair a bhíonn Cáit Ní Bhriain ag teacht i leith lá eile insítear dúinn an treo óna bhfuil sí ag teacht: 'Cé a ghaibh chum i leith treasna Bóthairín na Marbh ná Cáit Ní Bhriain.' (P., 138)

Fiú amháin agus Peig ag dul ar thuras beag go dtí tigh an fhíodóra (fear céile Cháit Ní Bhriain), luann sí na háiteanna go léir go ngabhann sí tharstu ar an tslí agus scéal a bhaineann le ceann amháin acu:

> Nuair a thit an oíche, chuamair soir treasna an Chuidéil, mar a bhfeacaidh Micí Dhiarmada an sprid, agus síos Bóithrín na Marbh. Ansan chasamair suas ar thaobh na láimhe deise, ansan síos arís cúinne an Ghoirt Bháin nó gur chuamair go tigh Eoghain Uí Chonchubhair, an fíodóir. (P., 140-41)

Tá an tOileán marcáilte ag logainmneacha. Cuid acu ag cur síos ar an dtírdhreach cosúil le Ceann Dubh (P., 141), cuid acu ag cur síos ar fheidhm na n-áiteanna cosúil le Buailteán (P., 141). Tá Peig cosúil le treoraí turasóirí ag taispeáint na n-áiteanna go léir dúinn:

> Thángamar go dtí an portach fé dheireadh thiar thall – maológ dheas cnoic a bhí lán de fhraoch dheas mhín. Bhí radharc agam ón maolóig seo ar Inis Mhic Aoibhleáin is ar Inis na Bró. (P., 142)

Feicimid tábhacht an bhaile, sa chiall *home*, arís nuair a bhíonn Peig ar tí a céad leanbh a thabhairt ar an saol agus fonn uirthi dul 'abhaile' go dtí tigh a muintire féin (P., 143). Ach chomh luath is a bhíonn an páiste tagtha dealraíonn sé go dtagann athrú ar an scéal seo:

> Nuair a bhí sé seachtaine caite agam i mBaile Bhiocáire ba mhithid, dar liom, teacht abhaile; ach dob é an ceann ab fhearr den scéal mé féin agus mo leanbh do bheith ag teacht abhaile fé mhaise agus fé áthas. (P., 147)

B'fhéidir go bhfeictear do Pheig gur tosach nua atá ann anois agus go mbaineann an leanbh leis an Oileán agus ní le Baile Bhiocáire. Dá réir sin baineann a saol féin leis an Oileán as seo amach. Rud eile a mhíneodh an t-athrú meoin seo ná bás a máthar féin. Anois is í Peig an mháthair agus bíonn uirthi déanamh dá réir. Tá fócus an scéil athraithe mar sin ó Bhaile Bhiocáire go dtí an tOileán.

Fiú agus Peig ag taisteal ón Oileán go Baile Bhiocáire roimh shaolú an pháiste luann sí logainmneacha. Luann sí an Gob, Faill Móir agus Barra na hAille (P., 144-45). Bíonn an baisteadh ar an mBuailtín (P., 146). Tá eolas á chur ag an léitheoir ar leagan amach na háite.

Tá an Gob thuas tábhachtach mar chuid den Oileán. Mar a léiríonn Tomás Ó Criomhthain is é Pointe an Ghoba 'an pointe den Oileán Mhór is giorra don míntír.' (Ó Criomhthain 1999, 1)

Tugann Peig amanna ar leith ag féachaint ar an dtírdhreach agus í ina cónaí san Oileán faoi mar a rinne sí agus í ar an míntír. Luann sí ainm gach áit go leagann sí súil air: Uíbh Ráthach, Bá an Daingin, Ceann Sléibhe, an Dún Mór, an Liúir, an Seanduine, an Maol (P., 155).

Tírdhreach an Oileáin agus an scéalaíocht

Tá an nós céanna insan Oileán is atá ar an míntír, is é sin ainmnítear daoine as an áit gurb as dóibh. Tagann fear darb ainm 'seanaMhuiris Bharra an Bhaile' ar cuairt chuig Peig (P., 149). Tharlódh go raibh gá leis an ainmniú seo toisc go raibh a lán daoine go raibh an t-ainm Muiris orthu san Oileán, é sin nó tugann 'Barra an Bhaile' eolas breise mar gheall ar an bhfear dúinn a shuíonn an fear i gcomhthéacs na timpeallachta.

Ní fada go bhféachann Peig anonn ar Dhún Chaoin. Ní dhéanann sí dearmad riamh ar an mbaile cé gur leis an Oileán a bhíonn sí ag plé as seo amach san insint:

> Os mo chomhair amach do bhí Dún Chaoin is dath cumhra an tsamhraidh ar a pháirceanna agus ar a gharraithe, mar ar chaitheas tús mo shaoil. Is mó tráthnóna maith a bhíos thuas ar mhullach an chnoic úd, Sliabh an Fhiolair, is me go hóg aerach, gan cíos cás ná cathú orm an uair sin. Tharam ó thuaidh do bhí Ceann Sraithe, agus béal Cuan an Chaoil, agus Dún an Óir. Bhí Binn Diarmada go buacach deaghsheasaimh. Do bhí an ghrian go soilseach ag taitneamh ar a sleasaibh is ar na méirscrí doimhne a bhí oibrithe ag an bhfarraige mhóir inti. Ón bhFiach go dtí Barra Liath do bhí bá mór farraige, is í in aon phána amháin gloine, is ba dhóigh le duine a d'fhéachfadh uirthi san am san gur chathair mhór éigin a bheadh fé dhraíocht í. (P., 155-56)

Is ait linn go bhfuil Peig chomh tógtha leis an tírdhreach lógánta seo go bhfuil seanaithne aici air. Samhlaítear 'draíocht' leis an mBrasaoil chomh maith, ach is draíocht í seo a théann siar sa bhéaloideas:

‘Féach thuaidh an Bhrasaoil, a Sheáin!’ arsa mise.
‘Cá bhfuil sí, a dhiabhail?’ arsa Seán mar ní raibh ceannach na mionn air. D’iompaigh sé thairis.
‘Níl amhras,’ ar seisean, ‘ná gur deas an radharc tráthnóna samhraidh é. Thabharfadh duine an leabhar gur talamh éigin fé dhraíocht é.’
‘Sea leis, dar ndóigh,’ arsa mise, ‘nach minic a chuala Eibhlís Sheáin á rá go bhfeaca sí féin an Bhrasaoil nochtaithe san áit chéanna san tráthnóna fómhair, agus í ag baint aitinn ar Mhaoilinn an Choma?’
‘Sa riach tú féin agus Eibhlís Sheáin,’ arsa Seán agus fonn grinn air ar mhaithe liomsa. ‘Nuair a raghair 'on Bhrasaoil nár thagair as! Éirigh id shuí agus téire abhaile dhuit féin. Tá sé in am agat feasta.’ (P., 156)

Ag insint scéalta cois tine agus na páistí imithe ar imirce agus cuid eile acu marbh, léiríonn Peig tábhacht na logainmneacha i gcónaí. Ag cur síos do Mhícheál (an seanduine a bhíodh mar chuideachta aici) ar oíche an ghála mhóir, samhlaítear gach eachtra a bhaineann leis an scéal le háit ar leith:

Dúirt cuid dos na fearaibh go mb’fhearra dhóibh scaoileadh ó dheas go Cuan Fionntrá. (P., 165-66)

Timpeall a deich a chlog ar maidin, do bhreithnigh duine éigin ceann des na báid bheaga Ceann Sléibhe aneas… (P., 166)

Ní raibh fear ná bean ná leanbh, fear críonna ná óg, ná raibh bailithe theas ar an bPointe … (P., 166)

Níor éiríomar dár nglúine nó gur tháinig an ceann déanach go Béal na Trá. (Ibid)

Ar feadh seachtaine ina dhiaidh sin ní raibh i mbéal an phobail, ar bhóthar ná ar chosán, ach a fheabhas d’oibrigh na feara i mBealach na Scolóige an lá uafásach úd. (P., 166)

Ritheann an scéal seo isteach i scéal eile go nádúrtha agus logainm ceangailte leis mar is gnáth: ‘Ar chualaís, a Mhichíl, conas a bádh an cúigear cailíní úd ag Bun Fána fadó?’ (P., 166) Leanann scéal eile an ceann seo a thosnaíonn mar seo: ‘Bhí ceathrar cailíní ó Chill Mhic an Domhnaigh…’ (P., 168)

Dealraíonn sé nach féidir scéal a insint gan é a shuíomh in áit éigin so-aitheanta. Sa scéal faoi Mhal agus Mháire Ní Chearna is suas go Cuas Fhaill Bheag a bhíonn siad ag dul i dtosach an scéil (P. 171). Bíonn Mal ‘Leaba an Duine Mhairbh soir’ agus í i ndiaidh titim le haill (Ibid). Nuair a thagann Máire go Mám na Leacan bíonn uirthi stopadh cé go bhfuil eagla uirthi roimh an sprid atá, dar léi, ina diaidh (P., 171). Maidir leis an scéal faoin bpíobaire, tosnaíonn an scéal sin ar an Móinteán (P., 172). Is as an gCom don bhfear go bhfuil dúil aige sa damhsa (P., 173). Nuair a bhíonn sé ‘barra Cuas na gColúr siar’ cloiseann sé ceol (P., 173). Bíonn an píobaire ag féachaint ‘siar ó thuaidh ar Bharra Liath’ nuair a fhágann Tomás é ag deireadh an scéil (P., 173). Sa scéal truamhéileach mar gheall ar an mbean go mbíonn uirthi a hiníon a thabhairt ar a droim go dtí an reilig, is é Teampall Bhaile na hAbha a bhíonn i gceist (P., 174). Is bean ó Bhaile an Ghleanna a réitíonn roinnt bia di (P., 174).

Conclúid

Caithfimid a bheith cúramach agus sinn ag plé leis an saothar seo cuimhneamh i gcónaí gur scríobhadh síos a bhfuil sa leabhar seo ó insint Pheig. Nuair a scríobhtar logainmneacha síos bíonn an próiseas céanna i gceist. Sa leabhar is minic go mbíonn Peig ag insint dúinn cad iad na hainmneacha a bhí in úsáid i nDún Chaoin agus san Oileán lena linn féin. Saghas "mapping", sa chiall a bhaineann Barthes as an dtéarma sin, a bhíonn ar siúl aici sa leabhar, is é sin, is léarscáil béil atá ann. Tá an tírdhreach á bhriseadh suas aici agus ainmneacha na n-áiteanna éagsúla á liostáil aici agus scéalta a bhaineann leo á n-insint aici. Tá cur síos déanta ag Roland Barthes ar an saghas "mapping" a dhéanann an teanga:

> La question que l'on doit tourjours poser au langage est celle-ci: comment le langage (telle ou telle langue) découpe-t-il la réalité? Qu-est-ce que, de cette réalité, il découpe? C'est ce qu'on appelle le *mapping*, la carte géographique dont le langage prétend empreindre la surface terrestre du réel. Or cette question, il faut de nouveau la poser à l'écriture. Même lorsque l'écriture 'transcript' le langage oral, elle ne le découpe d'une façon égale et universelle … (Barthes, 2000: 47).

Is féidir a rá go ndéanann na logainmneacha deighilt ar an dtírdhreach, is é sin le rá go roinneann siad an tírdhreach ina chodanna ar leibhéal na samhlaíochta. Maidir leis an tslí go scríobhtar síos na logainmneacha, go ndéanann Barthes tagairt dó thuas, fuair mé féin amach agus mé ag bailiú logainmneacha do mo chuid taighde féin[v] gur minic a bhí orm an litriú, mar shampla, a cheapadh mé féin toisc go raibh eolas na cluaise amháin ag an bhfaisnéiseoir ar an bhfocal.

Tá baint an-mhór ag an dteanga agus ag na scéalta a bhaineann le háiteanna le brí na háite in intinn an phobail a mhaireann ann. Dar le Pat Sheeran:

> …land and place are made up of language as much as, if not more than, they are made up of earth and buildings…Text is an appropriate trope to employ because landscape, like text, is a social and cultural production as well as an instrument of communication. (Sheeran 1994, 150-52)

Baineann scéalta go raibh logainmneacha fite fuaite isteach iontu go mór le litríocht na Gaeltachta. Is rud é an logainm a imíonn as an saol an-tapaidh mura mbíonn daoine á úsáid go laethúil. I gcás an Oileáin bhí an baol ann go n-imeodh na logainmneacha go léir a bhain leis an áit nuair a thréig muintir an Oileáin an áit. Níl sé sin tarlaithe agus a bhuíochas san do leithéidí Pheig, Thomáis Uí Chriomhthain, Mhuiris Uí Shúilleabháin agus Éibhlín Ní Shúilleabháin agus údair eile an cheantair.

Ar shlí is í an chuimhne, dar le Simon Schama, a thugann ann don tírdhreach:

> Before it can ever be a repose for the senses, landscape is the work of the mind. Its scenery is built up as much from strata of memory as from layers of work. (Schama, 1995: 6)

Tá an méid seo soiléir sa leabhar *Peig*. Tá sraitheanna cuimhní, cuimhní an phobail ag dul i bhfad siar, ag roinnt leis an dtírdhreach.

Rud eile atá tábhachtach mar gheall ar eispéireas áite Pheig, is ea gur ag siúl don gcuid is mó a bhíodh sí féin. Tógann fealsúnaithe cosúil le Husserl an tsiúlóid an-dáiríre. Bíonn léargas difriúil ag an té a bhíonn ag siúl ar an dtírdhreach ná mar a bhíonn ag an té a bhíonn ag tiomáint timpeall i gcarr. Léiríonn E.S. Casey tuairimí Husserl ar an ábhar seo:

> …Husserl singles out the experience of walking as illuminating the mystery of how I build up a coherent core-world out of the fragmentary appearances that, taken in isolated groupings, would be merely kaleidoscopic. The core-world contains both the near-sphere of familiar and accessible appearances and the far-sphere of unfamiliar and unknown things. The disparate appearances of both spheres are brought together in one unified spatiotemporal "ensemble" (*zusammen*) every time I take up the simple basic action of walking. (Casey 1998, 224)

Caithfear tábhacht na háite, *place*, a chur san áireamh agus saothar mar *Peig* á phlé. Fágann Peig an baile, *home*, agus tugann sí aghaidh ar an Daingean, an saol mór d'fhéadfaí a rá. Nuair a phósann sí, tugann sí aghaidh ar an mBlascaod. Baile nua is ea é seo di. Agus is dócha go nglacann Peig leis mar bhaile i ndiaidh tréimhse mar atá pléite agam san alt seo. Fágaint an bhaile agus socrú síos in áit nua, a bhíonn ina bhaile nua, dhá mhóitíf atá le feiscint sa saothar mar sin. Baineann eolas ar logainmneacha leis an eolas a bhíonn ag éinne againn ar an mbaile dúchais. Féach gur mion minic a tharraingíonn Peig logainmneacha chuici féin agus í ag trácht ar an dúiche thart timpeall uirthi. Baineann an réimse seo eolais, is é sin eolas ar logainmneacha, le h*áit* agus leis an m*baile*. D'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil ionad lárnach ag áit agus ag logainm i litríocht na Gaeltachta trí chéile, ach is í Peig is mó a nascann eispéireas áite le logainm, mo thuairim.

Tagairtí

Barthes, Roland. 2000. *Le Plaisir du Texte précédé de Variations sur l'écriture.* Paris: Éditions du Seuil.

Buell, Lawrence. 1995. *The Environmental Imagination* London: The Belknap Press of Harvard University Press.

Casey, Edward. 1997. *The Fate of Place: a philosophical history.* Berkeley: University of California Press.

Cosgrove, Denis. 1980. 'Images of Landscape' in: *An Introduction to Behavioural Geography*, John Robert Gold, Oxford: Oxford University Press, 115-124.

Ní Chinnéide, Máire (eag.). 1946. *Machtnamh Seana-Mhná* (Peig Sayers a cheap) Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ní Mhainnín, Máire agus Liam P. Ó Murchú. 1998. *Peig – A Scéal Féin,* an Daingean: An Sagart.

Ní Riain, Isobel. 2002. *Máirtín Ó Direáin – Carraig agus Cathair*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

_____ 2008. *Caidreamh an Duine ar Áit agus ar Logainm*.Tráchtas M.Phil a deineadh i Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Co. Chorcaí.

Ó Cadhain, Máirtín. 1968. 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair' in *An Braon Broghach*, Baile Átha Cliath: An Gúm, 115-147.

Ó Cearnaigh, Seán Pheats Tom. 1992. *Fiolar an Eireabaill Bháin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Criomhthain, Tomás. 1935. Dinnseanchas na mBlascaodaí, (eag.) An Seabhac, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.

_____1999. *Dinnseanchas na mBlascaodaí*, (eag.) Caoilfhionn Nic Pháidín Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Ó Fiannachta, Pádraig. 1999. 'Peig agus an Dúlra' in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 121-132.

Relph, Edward. 1986. *Place and Placelessness,* London: Pion.

Rousseau, Jean-Jacques. 1975. *Les Rêveries du Promeneur Solitaire,* England: Manchester University Press.

Sack, Robert David. 1997. *Homo Geographicus,* London: The Johns Hopkins University Press.

Schama, Simon. 1995. *Landscape and Memory,* London: HarperCollins.

Sheeran, Patrick. 1994. 'The Narrative Creation of Place: the example of Yeats', in: Timothy Collins (ed.): *Decoding the Landscape,* Galway: Centre for Landscape Studies, SSRC, 149-64.

Tuan, Yi-Fu. 1976. 'Geopiety: A theme in Man's Attachment to Nature and to Place', in David Lowenthal and Martyn Bowden (eds.): *Geographies of the Mind,* New York: Oxford University Press, 11-39.

_____ 2001. 'Cosmos versus Hearth', in Paul Adams, Steven Hoelscher and Karen Till (eds.) *Textures of Place,* London: University of Minnesota Press, 319-325.

[i] Thug mé páipéar comhdhála as Béarla bunaithe ar an alt seo sa bhliain 2012 (The Society for Name Studies in Britain and Ireland, Baile Átha An Rí, Co. na Gaillimhe).
[ii] Baineann teoric an *Gemeinschaft / Gesellschaft* leis an socheolaí Gearmánach Ferdinand Tönnies (1855-1936). Phléigh mé an teoiric seo i gcás fhilíocht Mháirtín Uí Dhireáin sa leabhar: *Máirtín Ó Direáin – Carraig agus Cathair*.
[iii] Luann Seán Pheats Tom Ó Cearnaigh an áit ina leabhar *Fiolar an Eireabaill Bháin* (1992, 29). Deir sé gur chuig Muintir Shúilleabháin i gCnoc an Bhróigín a chuaigh sí i ndiaidh di tamall a chaitheamh ag baile.
[iv] Tá ainmneacha na bpáirceanna ar fud Chiarraí agus ar fud Chorcaí bailithe ag Áitainmneacha Chiarraí agus Logainmneacha Chorcaí faoi seach, dhá shuirbhé logainmneacha a chuir an Dr. Éamon Lankford ar bun i nóchaidí na haoise seo caite. Tá an t-ábhar seo ar fáil anois i gcartlann logainmníochta i Leabharlann an Chontae, Co. Chorcaí.
[v] Feic Ní Riain, 2008.